# Cód Iompair agus Eitice don Bhord agus d'Fhostaithe

# Rún agus Scóip

Is riachtanas de chuid na Roinne Airgeadais é go gcuirfidh gach eagraíocht atá maoinithe ag an stát Cód Iompair i bhfeidhm do chomhaltaí Boird agus don fhoireann.

Éilíonn a95 den Acht Craolacháin, 2009 (arna leasú) ar Theilifís na Gaeilge (TG4) glacadh le Cód Iompair maidir le srianta ar leasanna agus le hiompraíocht eiticiúil a mbeidh feidhm aige ar chomhaltaí Boird (coistí comhairleacha san áireamh) agus ar fhoireann TG4.

Comhlíonann an Cód Iompair agus Eitice seo don Bhord agus d'Fhostaithe riachtanais na Roinne Airgeadais agus an Achta Craolacháin i leith an Bhoird (coistí comhairleacha san áireamh) agus i leith fhoireann TG4.

Leagtar creat na gcleachtas gnó, na gcleachtas eiticiúil agus na riachtanas maidir le coimhlintí leasa amach sa Chód, chun gur féidir na caighdeáin is airde is féidir a bhaint amach do pháirtithe leasmhara TG4 agus do lucht féachana agus éisteachta TG4.

Ceanglaítear ar fhoireann TG4 forálacha a gConarthaí Fostaíochta a chomhlíonadh agus cloí leis na Polasaithe agus cóid Chleachtais éagsúla a bhaineann leis an Ionad Oibre a shonraítear i Lámhleabhar na bhFostaithe, a thugtar do bhaill foirne uile TG4 ag tús a bhfostaíochta agus a ndéantar nuashonrú air go rialta. Thairis seo, ní mór d'fhoireann TG4 cloí le forálacha ábhartha an Achta Craolacháin, 2009, a bhféadfaí é a leasú ó am go ham.

Ceanglaítear ar an mBord cloí leis an Acht Craolacháin, 2009, arna leasú ó am go ham.

Gníomhóidh an Bord de mheon macánta ar mhaithe le leas TG4 agus feidhmeoidh siad le gach cúram, scil agus dícheall cuí agus cinnteoidh siad go gcaomhnófar rúndacht i gcomhlíonadh a gcuid dualgas.

Tabharfaidh foireann TG4 agus comhaltaí Bhord TG4 aird ar na prionsabail a leagtar amach thíos i ngach gné dá gcuid oibre chun ardchaighdeán cleachtas eiticiúil a chinntiú.

Cinnteoidh TG4 go ndéanfar idirbhearta airgeadais a dhoiciméadú agus a rialú de réir na riachtanas is infheidhme.

## Cuspóirí

Tabharfaidh TG4 faoina chuid gníomhaíochtaí de réir na bprionsabal seo a leanas:

1. Diongbháilteacht, bród agus tiomantas don Ghaeilge
2. Cothroime, comhsheasmhacht agus ionracas ina sheirbhís don tionscal teilifíse agus scannán
3. Macántacht, trédhearcacht agus gairmiúlacht i ngach cúram gnó
4. Meas, cúirtéis, rúndacht agus muinín ina chuid gníomhaíochtaí idirphearsanta go léir
5. Smaointeoireacht réamhghníomhach agus smaointeoireacht chun cinn i bhfeidhmiú a chuid dualgas
6. Tiomantas don chomhionannas agus don iolrachas maidir le hinscne, gnéasacht, cine, reiligiún, aois, míchumas agus maidir le daoine den lucht siúil
7. Tiomantas do TG4 mar eagraíocht inbhuanaithe agus ionchuimsitheach.

## Tá TG4 tiomanta do na nithe seo a leanas:

## Ionracas

- Leasanna fostaíochta/gnó seachtracha atá i gcoimhlint nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint le gnó TG4 a nochtadh.
- Níor chóir go mbeadh baint ag an mbainistíocht ná ag fostaithe le leasanna fostaíochta/gnó seachtracha atá i gcoimhlint, nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint, le gnó TG4.
- Má tá suim ag baill foirne tabhairt faoi ghníomhaíochtaí seachtracha, ní mór dóibh dul i gcomhairle lena mBainisteoir i scríbhinn ar dtús.
- Ba cheart go gcloífear leis an bPolasaí Bronntanas sa chás go dtugtar nó go bhfaightear bronntanais chorparáideacha, seirbhísí fáilteachais, cóir fhabhrach nó sochair, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chumas an deontóra nó an fhaighteora, nó má dhealraítear go ndéanann sé difear do chumas an deontóra nó an fhaighteora, breithiúnas neamhspleách a dhéanamh ar idirbhearta gnó.
- Tiomantas chun dul san iomaíocht go bríomhar agus go fuinniúil, ach a bheith eiticiúil agus ionraic ag an am céanna.
- Déanfar earraí/seirbhísí a cheannach de réir na dTreoirlínte Soláthair Poiblí agus an dea-chleachtais ghnó.
- Cultúr a chinntiú nach n-éileofar costais ach amháin de réir mar is cuí do riachtanais ghnó agus i gcomhréir le dea-chleachtas san earnáil phoiblí go ginearálta agus i gcomhréir leis na polasaithe inmheánacha is infheidhme.
- Cinntiú go dtugtar léiriú cruinn ar fheidhmíocht ghnó i dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais TG4 agus nach bhfuil siad míthreorach ná leagtha amach chun bheith míthreorach.
- Úsáid acmhainní nó am TG4 ar mhaithe le gnóthachan pearsanta, ar mhaithe le daoine/le heagraíochtaí nach bhfuil baint acu le TG4 nó lena chuid gníomhaíochtaí, nó ar mhaithe le hiomaitheoirí a sheachaint, agus
- Gealltanas a thabhairt gan faisnéis ná rúin ghnó a fháil ar bhealach míchuí.

# Coimhlintí Leasa

- **Comhaltaí Boird**
  Comhlíonfaidh Comhaltaí Boird a93 den Acht Craolacháin, 2009 (arna leasú):

- **Leasanna áirithe le nochtadh ag Comhaltaí Boird**

*__93.__ — (1) Aon chomhalta de bhord corparáide—*

*(a) a bhfuil aon leas aige nó aici in aon chomhlacht nó gnólacht lena mbeidh conradh déanta ag an gcorparáid nó lena mbeartaíonn sí conradh a dhéanamh, nó*

*(b) a bhfuil aon leas aige nó aici in aon chonradh atá déanta ag an gcorparáid nó a bheartaíonn an chorparáid a dhéanamh,*

*nochtfaidh sé nó sí do bhord na corparáide go bhfuil an leas sin aige nó aici agus nochtfaidh sé nó sí cineál an leasa agus ní bheidh sé nó sí i láthair nuair a dhéanfaidh bord na corparáide aon bhreithniú nó breith a bhaineann leis an gconradh.*

*(2) I gcás go n-éireoidh aon cheann de na nithe seo a leanas ag cruinniú boird, eadhon—*

*(a) socrú ar páirtí ann an chorparáid nó socrú den sórt sin atá beartaithe, nó*

*(b) conradh nó comhaontú eile leis an gcorparáid nó conradh nó comhaontú eile den sórt sin atá beartaithe,*

*ansin, maidir le haon chomhalta de bhord na corparáide a bheidh i láthair ag an gcruinniú agus a bhfuil leas aige nó aici sa ní ar shlí seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin—*

*(i) nochtfaidh sé nó sí do bhord na corparáide ag an gcruinniú go bhfuil an leas sin aige nó aici agus nochtfaidh sé nó sí cineál an leasa,*

*(ii) ní imreoidh sé nó sí aon tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le haon tionchar a imirt, ar bhreith a bheidh le tabhairt i ndáil leis an ní,*

*(iii) ní bheidh sé nó sí i láthair ag an gcruinniú nó ag an gcuid sin den chruinniú ar lena linn a phléifear an ní,*

*(iv) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfaidh bord na corparáide maidir leis an ní, agus*

*(v) ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith maidir leis an ní.*

*(3) I gcás ina ndéanfar leas a nochtadh faoin alt seo, déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann agus, fad a bheidh an cruinniú ag breithniú nó ag plé an ní lena mbaineann an nochtadh, ní dhéanfar an comhalta den bhord a dhéanfaidh an nochtadh a áireamh sa chóram i gcomhair an chruinnithe.*

*(4) Más rud é, ag cruinniú de bhord corparáide, go n-éireoidh ceist i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe, dá ndéanfadh comhalta de bhord na corparáide é, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais fho-alt (2) a chomhlíonadh, féadfaidh bord na corparáide an cheist a chinneadh, agus is breith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an bhoird, agus i gcás ina gcinnfear ceist den sórt sin amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.*

*(5) Chun críocha an ailt seo agus* ***alt 94*** *ní mheasfar leas a bheith ag duine in aon ní de bhíthin amháin leas a bheith ag an duine sin, nó ag aon chuideachta ina bhfuil leas aige nó aici, ar leas é atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach sin nach féidir a mheas le réasún gur dócha go n-imreoidh sé tionchar ar dhuine le linn dó nó di breithniú, plé nó vótáil a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann leis an ní, nó le linn dó nó di aon fheidhm i ndáil leis an ní a chomhlíonadh.*

- **• Foireann (lena n-áirítear an tArd-Stiúrthóir)**

Comhlíonfaidh an fhoireann a94 den Acht Craolacháin 2009 (arna leasú):

> ***94.*** *— (1) Más rud é, maidir le comhalta d'fhoireann corparáide nó comhalta d'fhoireann fochuideachta nó stiúrthóir ar fhochuideachta nó conraitheoir le haghaidh seirbhísí, in earnáil arna sonrú roimh an bhfostú ag an gcorparáid, go bhfuil leas aige nó aici, ar shlí eile seachas ina cháil nó ina cáil mar dhuine den sórt sin, in aon chonradh, comhaontú nó socrú, nó in aon chonradh, comhaontú nó socrú beartaithe, ar páirtí nó páirtí beartaithe ann an*

*chorparáid — (a) nochtfaidh an duine sin a leas, agus cineál an leasa, do bhord na corparáide,*

*(b) ní ghlacfaidh an duine sin aon pháirt i gcaibidil an chonartha, an chomhaontaithe nó an tsocraithe nó in aon bhreithniú ag comhaltaí de bhord na corparáide nó*
*ag comhaltaí d'fhoireann na corparáide nó ag conraitheoirí le haghaidh seirbhísí in earnáil arna sonrú roimh an bhfostú ag an gcorparáid i ndáil leis,*

*(c) ní imreoidh an duine sin tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith a bheidh le tabhairt ar an ní, agus*

*(d) ní dhéanfaidh sé nó sí aon mholadh i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an socrú.*

Comhlánóidh baill foirne an Fhoirm ar Choimhlintí Leasa de réir mar is gá agus cuirfidh siad faoi bhráid an Oifigigh Rialachais Chorparáidigh í. Cuirfidh an tOifigeach an fhaisnéis faoi bhráid an Bhoird ina dhiaidh sin.

- **• Maidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
  De réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, comhlánaíonn daoine i bPoist Ainmnithe (an tArd-Stiúrthóir, bainisteoirí sinsearacha, rannóg na gClár, an Cuntasóir sa Rannóg Airgeadais agus Dlíodóirí sa Rannóg Dlí) Ráiteas Leasanna nó Ráiteas lena chur in iúl nach an d'aon Leas ar bhonn bliantúil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

## Eolas

- Comhlíonann TG4 an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (arna leasú) lena gcinntítear go nochtar taifid atá faoi réir nochta de réir bhrí an Achta, ar bhealach atá oscailte agus a chuireann lena chuntasacht don phobal i gcoitinne.
- Faoi réir a chuid dualgas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, léiríonn TG4 meas ar rúndacht na faisnéise íogaire atá i seilbh TG4. Bheadh ábhar amhail seo a leanas san áireamh:
  - faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de (lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh, pleananna don todhchaí nó sonraí maidir le hathruithe móra

eagraíochtúla nó athruithe eile amhail athstruchtúrú);
    - faisnéis phearsanta; agus o faisnéis a fhaightear faoi rún.
- Cloíonn TG4 le nósanna imeachta cuí réamhchomhairliúcháin le tríú páirtithe más rud é, go heisceachtúil, go mbeartaítear faisnéis íogair a eisiúint ar mhaithe le leas an phobail.
- Ní thagann deireadh leis an gcosc ar nochtadh faisnéise príobháideach nó rúnda nuair a thagann deireadh le fostaíocht i TG4 nó nuair a thagann deireadh le téarma comhalta Boird.
- Comhlíonann TG4 an reachtaíocht um chosaint sonraí.

## Oibleagáidí

- Na hoibleagáidí rialála agus reachtúla go léir a cheanglaítear ar TG4 a chomhlíonadh, lena n-áirítear comhlíonadh an Achta Craolacháin, 2009, arna leasú ó am go ham.
- Cloí le nósanna imeachta mionsonraithe tairisceana agus ceannaigh, agus cloí le leibhéil fhorordaithe údaráis chun aon chaiteachas ábhartha a cheadú.
- Cloí le rialuithe chun calaois a chosc lena n-áirítear rialuithe leordhóthanacha chun comhlíonadh a chinntiú le nósanna imeachta forordaithe maidir le costais a éileamh le haghaidh taistil ar chúinsí gnó.
- Ceanglaítear ar gach comhalta Boird agus ar gach fostaí comhoibriú leis an bhfoireann iniúchta inmheánaigh sa phróiseas iniúchta inmheánaigh.
- Ba chóir do chomhaltaí an Bhoird iarracht a dhéanamh freastal ar chruinnithe uile an Bhoird.
- Cloí le nósanna imeachta atá leagtha amach ag an mBord maidir le cásanna coimhlinte leasa, lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le glacadh le poist tar éis fostaíochta agus/nó rannpháirtíochta le comhlacht Stáit a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coimhlintí leasa agus le hábhair imní rúndachta.
- Aitheantas a thabhairt don dualgas atá ar chách cloí leis na caighdeáin eitice gnó is airde.

## Dílseacht

- Aitheantas a thabhairt don fhreagracht a bheith dílis do TG4 agus tiomanta go hiomlán dá chuid gníomhaíochtaí gnó go léir.

## Cothroime

Tá TG4 tiomanta do na nithe seo a leanas:

- Cloí leis an reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta agus um stádas comhionann.
- Cothroime i ngach cúram gnó.
- Meas a léiriú ar luach an lucht féachana agus éisteachta.

## Timpeallacht Oibre/Timpeallacht Sheachtrach

Tabharfaidh TG4 faoi na nithe seo a leanas:

- Cultúr a spreagadh sa timpeallacht oibre le go mbeidh oibrithe ar a gcompord 'labhairt amach' agus ceisteanna a ardú i ndáil le hábhair imní maidir le héagóir thromchúiseach san ionad oibre, gan bheith in amhras faoi iarmhairtí diúltacha.
- Tús áit a thabhairt do chur chun cinn agus do chaomhnú shláinte agus shábháilteacht na bhfostaithe
- Aon tionchar díobhálach a d'fhéadfadh a bheith ag oibríochtaí ar an timpeallacht a íoslaghdú.

## Freagracht

Déanfaidh TG4:

- An Cód Iompair a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Bhoird, ar an mbainistíocht agus ar na fostaithe lena choimeád, agus a chinntiú go ndeimhnítear go bhfuil sé faighte agus go dtuigtear é.
- Foirm ar Choimhlint Leasa a chur san áireamh sa Lámhleabhar Foirne.
- An Polasaí Bronntanas a Scaipeadh.

## Athbhreithniú

- Socrú a dhéanamh chun an Cód Iompair a athbhreithniú, agus gealltanas a thabhairt ina leith, de réir mar is cuí.

**Dáta: Eanáir 2025**